



ALÁRAM DO SCEITHEADH GÁIS: Múnla: GLA - D

GPL (Própán, Bútán), Gás baile (Meatán, bithghás), Hidrigin, Sceitheadh/Deatach, CO₂, Gás Ainéistíseach

- Saolré thriarach, suas le 15 bliana
- Níl aon leictreachas, luchtairé nó athrú ceallra i gceist.
- Féintástáil atá uathúil simplí.

LÁMHLEABHAR Leagan 2021-01

RABHADH:

Ná húsáid tiúchan gáis indóite in am ar bith le haghaidh tástála!



Léigh an leagan is déanaí den lámhleabhar ina iomláine sula n-úsáidtear an tairge. Seiceáil le haghaidh nuashonruithe agus ceartúcháin ar shuíomh gréasáin iSens. Coinnigh an lámhleabhar seo le haghaidh úsáide amach anseo.



Ná déan an tairge a dhíuiscart le dramhaíl an tí. Déan tairgí leictreonacha agus plaistíc a athchúrsáil.

RoHS

Déantar leictreonaic agus na páirteanna díobh a mhonarú i gcomhréir le Treoir RoHS. Déantar luaidhe agus substaintí eile atá guaiseach don chomhshaoal a chosú sa treoir.



ABS



PVC

Déantar an t-aláram de ABS. Déantar an pacáistiú de PVC.



Tá an tairge seo deartha ionas go mbeidh sé i gcomhréir le EN50194-2. Cuirtear síos sa chaighdeán ar na riachtanais go léir agus na tástálacha go léir a rinneadh ar an tairge seo.

Táirge de chuid na hIorua arna mhonarú sa Pholainn do iSens AS – www.iSens.no

1. BARÁNTA

Tá iSens ag iarraidh go mbeidh gach custaiméir dár gcuid sásta. Tá baránta aon-bhliana á sholáthar in éineacht leis an GLA atá baili ón lá a cheannaitear é. D'fhéadfadh an GLA an tsaoire chéanna a bheith aige is atá san fhoinsé fuinnimh, ach d'fhéadfaí go laghdófar sin mar gheall ar chúiseanna cuir i gcás an timpeallacht thart, úsáid, am an aláram, etc. D'fhéadfadh aláram aonair an fuinneamh go léir a bhaint den fhoinsé fuinnimh. Féach an tsaoireacht theicniúil. Táirge indúscartha intomhalta atá sa tairge seo a bhfuil saolré 0-15 bliana ann.

Ní chlúdaíonn an baránta ach lochtanna ábharacha agus mífheidhmíú a bhaineann le monaraíocht, agus sin más amhlaidh go ndéanann an tairge a úsáid agus cothabháil a thabhairt dó i gceart. Níl an baránta i bhfeidhm ach amháin más rud é ná osclaíodh an tairge, nó nach ndearna an custaiméir iarraidh é a oscailt nó a dheisiú. Ní chlúdaíonn an baránta damáiste infheicthe seachtar / imhleanach nó ídiú fuinnimh. Nuair atá an baránta á úsáid, ní mór an GLA a thabhairt ar ais chuig an díoltóir sa phacáistiú inar tháinig sé chomh maith leis an admháil a tugadh ag an am. Tá dlíteanas iSens teoranta don tairge a dheisiú. Mar rogha eile, d'fhéadfadh iSens gléas nua a chur in ionad an GLA (d'fhéadfadh múnla níos nua a bheith i gceist) nó an praghas díolta bunaidh a aisíoc diuit.

Ní bheidh iSens faoi dhílteanas ar bith as damáistí nó cailleanais a easraíonn as an GLA gan a bheith ag obair. Ní bheidh iSens faoi dhílteanas as cailleanais nó gortuithe, damáistí ábharacha nó eile mar gheall ar sceitheadh gáis, dóiteáin nó pléascchá. Tá dlíteanas iSens teoranta do luach ceannaithe an tairge. Ní dhéanann an GLA beartais sábháilteachta biodh siad molta nó riachtanach a chomhlíonadh nó a n-áit a ghlacadh faoi mar a bhaineann le sceitheadh gáis, dóiteáin nó pléascchá i gcomhréir le dlíthe agus rialacháin reatha. Níl an GLA faofa mar aláram deataigh. Ní dhéanann an GLA foirm ar bith árachais a chomhlíonadh nó a áit sin a ghlacadh. Léigh faoi chialabhrú uathoibríoch sa chaibidil maidir le sábháilteacht chomh maith. Ní thugann an GLA ach ionchur breise roghnach chun sábháilteacht a mhéadú.

I gcás nach n-aontaíonn an ceannaitheoir le forálacha an baránta, ní mór an GLA a sheoladh ar ais sula n-úsáidtear é sa phacáistiú bunaidh, láithreach agus taobh istigh den tréimhse chealaithe, sin tréimhse 14 lá de ghnáth do cheannacháin ar líne.

2. CUR SÍOS

Tá teicneolaíocht nua faoi phaitinn na hIorua sa GLA. Déanann an teicneolaíocht an bhraiteoireacht de gháis éagsúla ag an mbraiteoir céanna a chumasú. Is féidir mar sin de aer anála (dé-ocsaíd charbóin) a úsáid chun an braiteoir a thástáil i mbealach uathúil simplí sábháilte. Tugann Féintástáil an tsábháilteacht is mó. Tá iarmhairt féin-ionghlanadh ann mar gheall ar an nuathiceolaíocht a tháinig go bhfuil suas le 3 uaire na saolré atá ag aláraim eile (optúil agus leictreiceimicéach). Tá na leictreonaic deartha le tomhaltas fuinnimh an-iseal ar fad a bhaint amach. Beidh an GLA in ann mar sin de

feidhmíú ar bhonn leanúnach ar feadh 15 bliana san iomlán gan athrú ceallra, san fhoinsé fuinnimh, cuibheoirí nó luchtairí. Déanann seo an comhshaoil a shábháil agus cuireann sé foláirimh in iúl fiú má bhíonn cliceadh cumhachta ann. Tá an GLA foirfe don bhaile, do chábáin, do champáil agus do bháid.

Tá gás GPL (própán, bútán) trom agus stóráiltear in umair é. Féadfaidh gás sceitheadh ó thinteán gáis, beárbaiciú, sorn, sorn gáis, agus fearais eile. Féadann an gás adhaint nuair a éiríonn an tiúchan níos airde ná an TPÍ (Teorainn Phléasccha Iochtarach). Buaileann an GLA in am maith sula dtarlaíonn sé sin, ar 10–15 % den TPÍ.

Tá gás baile, nó gas teaghlaigh/baile (meatán, nádúrtha, bithghás) éadrom agus baintear feidhm as córas piobáin chun é a dháileadh isteach chuig títhe. Féadfaidh an gás sceitheadh ó phióbáin, umair uisce the, soim chistine agus téitheoirí. Féadann an gás adhaint nuair a éiríonn an tiúchan níos airde ná an TPÍ (Teorainn Phléasccha Iochtarach). Buaileann an GLA in am maith sula dtarlaíonn sé sin, ar 10–15 % den TPÍ.

Gás éadrom is ea Hidrigin a úsáidfeair i gcuid mhór feidhmeanna san am atá le teacht. Buaileann an GLA in am maith sula mbaineann an tiúchan gáis ó sceitheadh an TPÍ amach, ar 10–15 % den TPÍ.

Féadann sceitheadh agus deatach teacht ó innill, téitheoirí, teallaigh agus tinte. Déanann an GLA foláireamh de dhé-ocsaíd charbóin a chur in iúl cheana féin ar 5000 ppm. Tá sé seo ag comhfhreagairt le 25 ppm normálta d'aonocsaíd charbóin thocsaineach scite ó inneall díosaíl/téitheoir. Is lú sin ná teas agus tine oscailte. Is iad 5000 ppm CO₂ agus 25 ppm CO na teorainneacha nocht ceirde ná chaoi is go ndéanfar feidhmíocht lochtach agus dochar don sláinte a sheachaint. Déanfaidh an GLA tú a chur ar an eolas má dhéantar na teorannacha sin a shárú. Níl an GLA faofa mar bhraiteoir deataigh/dóiteáin le haghaidh sábháilteacht dóiteáin i dtíthe príobháideacha, ach cuirfidh sé sábháilteacht bhreise ar fáil, sa chás go gclisfidh an príomhsholáthar cumhachta san áireamh.

Déanann daoine, ainmhithe, plandaí, teallaigh, soirn gháis, coinnle, agus téitheoirí dé-ocsaíd charbóin. Déanfaidh an GLA foláireamh a chur in iúl má dhéantar teorainn nochtach cheirde na hIorua do dhé-ocsaíd charbóin a shárú. Tabharfaidh sé seo léiriú maith de chaighdeán an aeir taobh istigh agus den timpeallacht, go háirithe le feidhmíocht lochtach agus iarmhairtí eile gaolmhara sláinte a sheachaint.

Go dtí le déanaí, ba é clóraform agus éitear an cineál gás ainéistíseach a bhíodh ann. Sa lá atá inniu ann, úsáideann cineálacha éagsúla éitear Fluairínithe gás gan bholadh. Is dócha gurb é an GLA an t-aon aláram ar an margadh atá in ann foláireamh a chur in iúl do na dá chineál de gháis ainéistíseacha idir shean agus nua sula mbíonn iarmhairt acu.

3. SÁBHÁILTEACHT

Ní mór na rialacháin sábháilteachta a léamh sula ndéantar an tairge a shuiteáil agus a úsáid.

Molaimid dhá bhraiteoir GLA ar a laghad a úsáid le sábháilteacht oibríochta mhaith a bhaint amach. Dá mhéad braiteoirí atá ann is mó a éireoidh leat clúdach a fháil do na láithreacha inar féidir le gáis carnadh. Déanann seo seocaint roimh lochtanna braiteoirí nó foinsí fuinnimh caite a mhéadú go suntasach.

Tosca tábhachtacha ionas go mbeidh an GLA ag feidhmíú go normalta:

- Ní mór an lasc chun tosaigh a bheith casta ON.
- É a bheith lonnaithe i gceart (láthair chiuín iseal nach gcuirfí ar dó)
- Glantachán, éadach tirim nó scuab a úsáid le dusta a bhaint.
- Caoch an LED a sheiceáil go rialta (go laethúil)
- Tástáil rialta (gach mí)
- Fuinneamh a shábháil (múch an t-aláram láithreach le linn tástála).

Tosca tábhachtacha a d'fhéadfadh a bheith ina gcúis leis an GLA gan a bheith feidhmíú go normalta:

- An lasc chun tosaigh a bheith casta OFF.
- É a bheith lonnaithe in áit mhicheart.
- Easpa monatóireachta agus tástála.
- Cumhdach, dusta.
- Solas gréine díreach nó radaíocht teasa dhíreach.
- Díríochtaí nó athruithe gasta nó suntasacha sa teocht.
- Uisce, comhdhlúthú agus boghaise ard mhínormálta aeir.
- Tuaslagóirí agus gáis mhínormálta eile, deatach agus ceo.
- Stoirmeacha láidre leictreacha nó maighnéadacha.
- Torann ard fuaim, taobh amuigh den réimse inchloiste.
- Tionchar meicniúil (creathadh, crith, turráing, titim chuig an urlár).
- Foinse fuinnimh chaite (déanann foláirimh agus tástáil an fhoinsé fuinnimh a laghdú).

Tá colas maidir leis an Rabhadh Bréige agus athruithe teochta suntasacha/gasta le fáil i gCaibidil 4 agus faoin teideal Service atá ar www.isens.no. Ná déan dearmad gur féidir le boladh ó gháis bhreosla, sceitheadh agus deatach éirí chomh láidir go mbeidh sé míchomordach sula mbaintear leibhéal an aláraim amach.

Mura mbíonn an GLA ag feidhmíú go normalta, ní mór é a mhúchadh. Déan an baránta a sheiceáil. Ná déan iarraidh an bosca a oscailt nó an tairge a dhéisiú tú féin. Tá baol ansin go dtarlódh gearchiorcadadh leictreastatach agus damáiste don tairge dá ndéanfaí amhlaidh.

Tá calabrúcháin ionsuite uathoibríoch sa GLA. Más rud é go raibh an GLA nocht do thiúchan ard gáis (thar thréimhse ama), ba chóir é a chur in áit nach bhfuil gás ann (taobh amuigh) ar feadh cúpla lá le hathshocrú. Má bhíonn sceiteadh gáis an-bheag agus má mhairéann sé ar feadh thréimhse ama níos faide, d'fhéadfadh an calabrúcháin uathoibríoch a bheith ina chúis leis an GLA foláireamh a thabhairt ar leibhéal píosa níos airde ná an leibhéal a bhí ann nuair a rinneadh é a chalabrú i dtús. De ghnáth, beidh an aeráil nádúrtha sa seomra in ann dul i ngleic le sceitheadh gáis atá an-bheag. Tá an GLA deartha foláireamh a chur in iúl má tharlaíonn taisní tobanna ina n-ardaíonn an tiúchan réasúnta gasta ón leibhéal normalta.



4. ÚSÁID

SUITEÁIL

Ba cheart duine cáilithe an tsuiteáil a dhéanamh. Le linn na suiteála is tábhachtach aird a thabhairt ar na pointí maidir le Sábháilteacht agus Sonraí Teicniúla. Tá an áit a gcuirtear an táirge tábhachtach ionas go mbainfeadh amach an bhraiteoireacht is gasta gás. Is tábhachtach áit a roghnú óna mbeidh an gás ag teacht, áit ina bhfuil aerú agus gluaiseacht aer ag na leibhéil is ísle. Spreifidh gás ar fud an tseomra ar dtús. Socraigh an GLA ionas nach gcuirfidh gás comhthíoch, an ghrian, séideán fuar ó fhuinneoga, aerú ná téitheoirí isteach air.

Titeann gás bhreosla throma, GPL agus gás ainéistíseacha síos, agus spréann siad ar fud an tseomra chomh maith. Is éard atá i gceist le sócrú normálta ná é a chur ar a chosa sileacóin thíos ar an urlár i gceimeál nó faoi thróscán. Fuairíonn gás sceite ón teas go gasta agus spreifidh sé ar fud an tseomra chomh maith agus síos i dtreo an urláir. Má táthar ag iarraidh na torthaí is fearr a bhaint amach gan ach CO₂ agus sceitheadh sceite agus deataigh a bhrath, ba chóir an braiteoir a chur sa zón anála nó níos airde. Chun gás baile agus hidrigín, chomh maith le deatach te ó thine a bhrath chomh gasta agus is féidir, ba chóir an GLA a shocrú go hard ar an tsíleáil. Ba chóir é a bheith suite ar a laghad 1m ar shiúl ó dhoirse, fuinneoga agus oscailtí eile.

Má dhéantar é a fheistiú le téip ar bhalla, d'fhéadfadh sin a bheith ina chúis le damáistí nó rabhadh bhréige. Ba chóir slóitáin scríúála ar an taobh iochtair a úsáid do bhallaí. Ná déan dearmad nach mór go mbeifear in ann an t-aláram a chloisteáil go héasca. Tá seomraí innill fuaimbhíonach. Nuair a bhíonn an GLA casta air, seans go mbeidh an t-aláram ag fuaimniú ar feadh 5-10 soicind in amana. Tá sé sin iomlán normálta. Ansin, ba chóir don LED caochadh gach 5 shoicind nó mar sin.

RABHADH BRÉIGE

Tá an GLA teocht-iogair mar a bhaineann le hathruithe suntasacha/gasta teochta. Seachain é a chur i solas na gréine agus in aice le foinsí teasa agus oscailtí. Má bhíonn rabhadh bréige ann, roghnaigh áit eile lena chur. Má bhíonn rabhadh bréige ann, féach na pointí i gCaibidil 3 chomh maith. I dtaca le háiteanna nach bhfuil teas ann, ba chóir an t-aláram a chur as nuair atá an áit folamh, agus ba chóir é a chur in aice leis an chomhla stoptha gás sa chaoi is nach ndéanfar dearmad é a chasadh air arís. Sa chás go mbeidh contúirt ann go mbeidh comhdhlúthú ann, ba chóir an t-aláram a chur i mbosca nach ligfeadh scaipeadh uaidh. Déanfaidh rabhadh bréige an ceallra a fholmhú go gasta.

TÁSTÁIL

NÁ DÉAN braiteoirí gás a thástáil in am ar bith gan faomhadh EX le tiúchan gás indóite. Tá aláram gháis deartha ionas go dtabharfaidh siad rabhadh i bhfad sula n-éiríonn an tiúchan indóite. Mar sin de, tá feidhm ionsuite sábháilteachta chliste sa GLA le haghaidh tástála. Tá sé deartha le freagairt do dhé-ocsaíd charbóin atá i láthair san aer a dhéanamh a easanálú.

Cuir an GLA i mála plaisteach beag follasach. Bí ag anáil mar is gnáth trí cheann de na hoscailtí ar an taobh, is ansin dún an mála. Fan ansin ar feadh roinnt soicind go dtí go gceolofear aláram. Níor chóir don aláram fuaim a dhéanamh go dtí go ndéanfar 1-2 chaochadh LED, agus de ghnáth sula ndéantar 5-6 chaochadh LED, ag brath ar chomh gasta is a líontar an mála. Má fhuaimníonn an t-aláram róghasta, féadtar go bhfuil sé éirithe ró-iogair. Fan tamall agus déan an tástáil arís le píosa beag aer anála. Déanann iSens gach GLA a thástáil le gás agus gan é sula seachtad é. Féadann teagmháil fhisiciúil róláidir a bheith ina chúis le hathrú teacht ar shocrúithe na monarchan, áfach. I gcás mar sin, caithfidh do dhíoltóir GLA nua a chur in áit an tseanchinn.

Ná déan dearmad go dtógann aláram an-chuid cumhachta. Mar sin de, múch an GLA go gasta agus fan go dtí go mbeidh an gás go léir aertha amach sula gceastar air arís é. Má dhéantar é a thástáil le haer anála, déanann sin na feidhmeanna go léir a thástáil.

NODA DON ALÁRAM

Bíonn gach cás difriúil má tharlaíonn sceitheadh gás, dóiteáin agus pléascthaí. Lean na rialúcháin agus cleachtais náisiúnta/áitiúla. Chomh maith leis, d'fhéadfadh na noda seo a leanas a bheith úsáideach.

- Stad an sceitheadh. Cas as an phríomhlasc.
- Cuir in iúl do na daoine eile ar an láthair nó timpeall.
- Déan an tiúchan gás a isliú. Oscail doirse, fuinneoga, etc.
- Cuir as aibhleoga agus lasracha oscailte ó thoitíní, lampaí ola, etc.
- Ná teagmhaigh fearais leictreacha nó lasca cumhachta.
- Aslonnaigh chuig áit shábháilte go dtí go mbeidh an gás go léir ar shiúl.

5. SONRAÍOCHT THEICNIÚIL:

Ábhair:	bosca ABS box agus pacáistiú PVC
Toisí seachtracha:	110 x 80 x 30 mm
Dath:	Bán, agus dubh chun tosaigh agus ar na himill.
Feistiú	Cosa sileacóin (poill feistithe do scríúna)
Meáchan:	Timpeall 120 g
Oibriúcháin:	Lasc AIR/AS chun tosaigh
Cineálacha Gáis:	GPL: Própán, Bútán
Baile: Meatán, Gas nádúrtha, bitghás	Hidrigín
	Sceitheadh/Deatach: CO ₂ (CO go hindíreach)
	Gás ainéistíseach Clóraform, Éitear, Éitear Fluairínithe
Teorannacha brathadóireachta:	10–15 % den LEL (Teorainn Phléasctha Níos Ísle)
	Sceitheadh agus deatach 5000 ppm CO ₂ (timpeall 25 ppm CO)
	Gás ainéistíseach timpeall 1000 ppm
Am brathadóireachta:	táscaire LED caochta ar idírcheimeanna 5 shoicind
Aga freagartha:	10 soicind (seiceáil earráidí loighciúla san áireamh)
Mód airdill:	Solas LED dearg chun tosaigh agus Aláram
Leibhéal alárim:	>85 dB ar 1 m (2.7 kHz) biogach 5 shoicind air/as
Tráth alárim:	90 nóiméad san iomlán (foinse fuinnimh iomlán)
Comhartha earráide:	tadann an LED de bheith ag caochadh, fuaimeann an t-aláram.
Teicneolaíocht tomhais:	Fuaimniúil
Tástáil:	Feidhm thástála shábháilte chliste le CO ₂ (aer anála)
An limistéar molta úsáide:	Teocht sheasmhach gan athruithe gasta (5–35 °C)
Stóráil a mholtar:	Aer tirim gan comhdhlúthú (-20 go +40 °C)
Foinse fuinnimh:	Lítiam 3–6 Vdc
Saolré na foinse fuinnimh:	Suas le 15 bliana leanúnach
	(measta ó chaitheamh fuinnimh a tomhaiseadh)